Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**12558/25**

**COPS 430
CFSP/PESC 1295
CSDP/PSDC 540
PSC DEC 41
EUTM RCA 9**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2192 (EUTM RCA/1/2025) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an … … 2025**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2192 (EUTM RCA/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

[1] IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2016/610, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) a fheidhmiú, agus údaraítear dó na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin a cheapadh.

(2) An 27 Lúnasa 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2192[2], lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais ar EUTM RCA.

(3) An 5 Lúnasa 2025, mhol údaráis mhíleata na Rómáine go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(4) An 8 Lúnasa 2025, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh leis an togra ó údaráis mhíleata na Rómáine.

(5) An 14 Lúnasa 2025, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 30 Meán Fómhair 2025.

---

2 Cinneadh (CBES) 2024/2192 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Lúnasa 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/2112 (EUTM RCA/1/2024) (IO L, 2024/2192, 7.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2192/oj).

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2192 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ón 30 Meán Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/2192 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2025.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil*
*agus Slándála*
*An Cathaoirleach*